**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2008***

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé Céadaoin, 18 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 go 4:30***

***(a)*** *Freagair* ***Ceist 1*** *agus* ***trí*** *cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*

**1.** Taispeánann an sceitse díon tílithe ar theach cónaithe atá á iompar ar bhlocbhalla seachtrach coincréite 300 mm a bhfuil cuas inslithe ann.
Tá claonadh 30° sa díon agus is díon gearrtha traidisiúnta é.




**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí sceimhleacha an dín tílithe agus tríd an mballa seachtrach. Ba chóir go dtaispeánfadh an gearradh na sonraí tógála uile ó phointe atá 400 mm faoi bhun an mhaide balla, trí na sceimhleacha, agus bíodh **trí** chúrsa tíleanna ann chomh maith.

**(b)** Taispeáin ar an líníocht, modh chun comhbhaill an dín a aeráil.

**2.** Baintear úsáid fhorleathan as fothaí stéille i dtithe cónaithe nua-aimseartha.

**(a)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin tógáil fotha stéille do bhalla seachtrach ar theach cónaithe.

Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:



- doimhneacht an trinse;
- leithead an fhotha;
- tiús an fhotha;
- suíomh balla 300 mm ar an bhfotha.

**(b)** Taispeáin ar do sceitse sonra dearaidh **amháin** a chinnteoidh go mbeidh an fotha láidir go leor leis an mballa seachtrach agus díon an tí a iompar. Cuir isteach **dhá** ghnáth-thoise.

**3.** **(a)** Bain úsáid as ***léaráid aonlíneach le lipéid*** agus déan sceitse de chóras chun uisce **fuar** a sholáthar do bháisín níocháin láimhe agus do leithreas uisce (WC) i seomra folctha, mar a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo.

Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:



- umar stórála uisce;
- príomhphíobán ardaitheach;
- píbobair don bháisín níocháin láimhe agus don WC;
- gnáth-thoisí na píboibre;
- na comhlaí riachtanacha uile.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas a rialaítear leibhéal an uisce i sistéal sruthlaithe an WC.

**4.** Tá doras soladach adhmaid a bhfuil ceithre phainéil ann agus fráma dorais, feistithe sa bhalla seachtrach ar theach cónaithe, mar a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo.
120 mm x 75 mm atá i bhfráma an dorais, agus 120 mm x 50 mm atá i mbarr-ráille an dorais. Blocbhalla coincréite 300 mm é an balla.
Tá cuas inslithe ann agus tá sé plástráilte ar an dá thaobh.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:2 *(leath-lánmhéid)*, gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach, trí fhráma an dorais agus tríd an doras. Taispeáin na sonraí tógála go léir ó phointe atá 250 mm faoi bhun an lindéir choincréite go dtí pointe atá 350 mm os a chionn ag barr an dorais.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht, sonra dearaidh a chinnteoidh nach dtreáfaidh an taise go dtí an duille istigh ag barr an dorais.

5. **(a)** Luaigh **dhá** chúis ar gá cead pleanála a lorg chun teach cónaithe a thógáil.

**(b)** Mínigh an bhrí atá le **cead pleanála imlíneach** agus déan cur síos ar chás amháin inar mhaith le duine cead pleanála imlíneach a lorg.



**(c)** Pléigh go mionchruinn **dhá** chúis a bhféadfadh údarás pleanála cead pleanála do theach cónaithe faoin tuath a dhiúltú.


6. Baintear úsáid as insliú teirmeach chun laghdú ar chaillteanas teasa trí na ballaí seachtracha ar theach cónaithe.

**(a)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin suíomh an chláir inslithe righin sa chuas i mballa seachtrach de bhloic choincréite.
Taispeáin gnáth-thiús an chláir inslithe.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin conas a choimeádtar an clár inslithe ina shuíomh sa chuas.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin modh eile chun balla seachtrach an tí a insliú.

7. **(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta **faoi leith** nach mór cloí leo **i ngach ceann** de na suímh seo a leanas:
- druilire colúin a úsáid sa seomra Staidéar Foirgníochta;
- aonad gloiniú dúbailte a fheistiú i bhfráma fuinneog adhmaid;
- greamachán teagmhála a úsáid chun veinír a dhaingniú ar phainéal adhmaid.



**(b)** Sceitseáil **dhá** chomhartha sábháilteachta ba chóir a bheith ar taispeáint ar an mbealach isteach i láithreán tógála, mar a thaispeántar sa sceitse a ghabhann leis seo, agus mínigh an fheidhm atá ag gach comhartha sábháilteachta díobh.

8. Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:
- déadalt;
- sábhadh tríd is tríd;
- scannán taisdíonach;
- lindéar réamhstrusta coincréite;
- plástarchlár;
- gaiste gáitéir;
- dúnpholl iniúchta.

9. Taispeánann an sceitse a ghabhann leis seo teachín agus cumhdach seachtrach adhmaid air.

**(a)** Roghnaigh adhmad oiriúnach don chumhdach seachtrach agus tabhair **dhá** fháth le do rogha.



**(b)** Mol bailchríoch fheidhmithe a chabhródh le caomhnú an adhmaid. Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist leis an mbailchríoch a chur ar an adhmad.

**(c)** Dearadh an teachín chun go mbeadh foscadh ón aimsir ag an gcumhdach. Bain úsáid as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** agus taispeáin sainghné dearaidh **amháin** a chabhraíonn le foscadh ón aimsir a tabhairt don chumhdach.

**Leathanach Bán**